Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 24 Aibreán 2026
(OR. en)

8367/26

**Comhaid Idirinstitiúideacha:**
**2025/0381(COD)**
**2025/0382(COD)**
**2025/0383(COD)**

EF 121
ECOFIN 494
CODEC 708
*ECB*

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Nóta Stiúrtha ón Uachtaránacht maidir leis an bPacáiste um an gComhtháthú Margaidh agus Maoirseacht<br>- Díospóireacht bheartais |

Faoi iamh:

**<u>Nóta Stiúrtha ón Uachtaránacht</u>**
**<u>maidir leis an bPacáiste um an gComhtháthú Margaidh agus Maoirseacht</u>**

*An 5 Bealtaine 2026 - ECOFIN*

## I. RÉAMHRÁ

1. Is príomhthionscnamh reachtach é an Pacáiste um an gComhtháthú Margaidh agus Maoirseacht chun an tAontas Coigiltis agus Infheistíochta a chur chun cinn, ar freagairt é ar chomhthéacs straitéiseach lena mbaineann éiginnteacht gheopholaitiúil agus fás eacnamaíoch a bhíonn lag de shíor.

2. I mí an Mhárta 2026, d'iarr an Chomhairle Eorpach ar na comhreachtóirí an obair ar an bpacáiste a thabhairt chun cinn d'fhonn teacht ar chomhaontú faoi dheireadh na bliana.

3. Mar a cuireadh in iúl i dtuarascálacha Draghi agus Letta, tá riachtanas iomaíoch roimh an Eoraip cistí a shlógadh go práinneach chun bearna infheistíochta thart ar €750–800 billiún in aghaidh na bliana a dhúnadh. I gcroílár an dúshláin tá ilroinnt agus tearcfhorbairt mhargaí caipitil an Aontais , dhá rud nach bhfuil ar an scála is gá chun freastal ar riachtanais shuntasacha infheistíochta an Aontais.

4. Tá sé mar aidhm leis an bPacáiste um an gComtháthú Margaidh agus Maoirseacht aghaidh a thabhairt ar na heasnaimh struchtúracha sin. Trí bhacainní a chuireann bac ar shaorshreabhadh caipitil a bhaint, féachann sé le margadh aonair an Aontais a neartú, an comhtháthú margaidh a dhoimhniú agus gníomhaíocht thrasteorann a spreagadh. Ar an gcaoi sin, tá sé mar aidhm leis an bpacáiste bealaí nua maoiniúcháin don nuálaíocht a chur ar fáil agus deiseanna coigiltis agus infheistíochta níos tarraingtí a chur ar fáil do theaghlaigh agus do ghnólachtaí.

## II. NA TOGRAÍ ÓN gCOIMISIÚN

5. Tugann an Pacáiste um an gComtháthú Margaidh agus Maoirseacht athruithe institiúideacha suntasacha isteach ar chreat maoirseachta an Aontais, go háirithe aistriú i dtreo freagrachtaí maoirseachta dírí feabhsaithe don Údarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ÚEUM). Faoin togra, ghlacfadh ÚEUM maoirseacht dhíreach ar eintitis áirithe a bhfuil ábharthacht shuntasach thrasteorann nó shistéamach ag baint leo, agus ar gach soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní. Ina theannta sin, tugadh isteach uirlisí breise idirghabhála agus cóineasaithe feabhsaithe laistigh de shainordú ÚEUM.

6. Mar léiriú ar an aistriú i dtreo maoirseacht dhíreach ÚEUM, dhéanfaí athchóiriú ar rialachas ÚEUM, bhunófaí Bord Feidhmiúcháin nua ar a mbeadh cúigear comhaltaí neamhspleácha, agus bheadh sé de chúram orthu cinntí aonair maoirseachta a dhéanamh agus d'fhéadfaidís uirlisí suntasacha cóineasaithe agus idirghabhála a úsáid chomh maith.

7. I dteannta na n-athchóirithe institiúideacha sin, díríonn an Pacáiste um an gComhtháthú Margaidh agus Maoirseacht ar cheithre phríomhréimse margaí caipitil trí bhearta earnáilsonracha:

- **Trádáil**: Forbairt ionad trádála uile-Eorpach a éascú agus rochtain ar dhearcadh comhdhlúite ar leachtacht an mhargaidh a fheabhsú, lena n-áirítear trí chóras deonach a thabhairt isteach le haghaidh Oibreoirí Margaidh Uile-Eorpacha;
- **Iar-thrádáil**: Idir-inoibritheacht agus comhtháthú a fheabhsú ar fud bonneagair iarthrádála, lena n-áirítear Taisclanna Lárnacha Urrús agus Contrapháirtithe Lárnacha, chun imréiteach agus socraíocht thrasteorann a éascú, chomh maith le rialacha críochnaitheachta socraíochta a uasghrádú chuig Rialachán atá infheidhme go díreach chun an éiginnteacht a eascraíonn as dlíthe náisiúnta i gcás dócmhainneachta a laghdú;
- **Bainistiú sócmhainní**: Bearta a thabhairt isteach chun rochtain ar an margadh a éascú agus chun dáileadh trasteorann ag bainisteoirí cistí a éascú, amhail nós imeachta an phas tar éis údarú a fháil;
- **Teicneolaíocht mórleabhar dáilte (TMD)**: Feabhas a chur ar an gcreat sócmhainní digiteacha chun inscálaitheacht a bhaint amach.

## III. STAID NA hIMEARTHA SA CHOMHAIRLE

8. Tar éis don Choimisiún iad a ghlacadh den chéad uair an 4 Nollaig 2025, scrúdaigh 13 Mheitheal de chuid na Comhairle na tograí go dtí seo. Le linn na seisiún sin, iarradh ar na Ballstáit a tuairimí a chomhroinnt agus príomhshaincheisteanna a shainaithint ar gá soiléiriú a dhéanamh orthu. De bharr an dianchláir oibre sin, bhí na toscaireachtaí in ann páirt a ghlacadh i scrúdú teicniúil cuiditheach spriocdhírithe ar chomhpháirteanna éagsúla an phacáiste.

9. Agus chéad léamh an togra tugtha i gcrích, measann an Uachtaránacht go bhfuil gá le treoir pholaitiúil chun dul chun cinn breise a dhéanamh maidir le dhá phríomhghné institiúideacha nach bhfuiltear ar aon fhocal fúthu: **raon feidhme mhaoirseacht dhíreach** ÚEUM agus na socruithe **rialachais**.

## IV. RAON FEIDHME NA MAOIRSEACHTA DÍRÍ

10. Faoi láthair, is faoi na húdaráis náisiúnta inniúla atá na dualgais mhaoirseachta den chuid is mó agus is faoi ÚEUM atá an comhordú agus an cóineasú go príomha. Is in earnálacha sonracha atá maoirseacht dhíreach an Aontais i gceist faoi láthair, amhail gníomhaireachtaí rátála creidmheasa agus stórtha trádála.

11. Tríd an bPacáiste um an gComhtháthú Margaidh agus Maoirseacht, féachann an togra le raon feidhme mhaoirseacht dhíreach ÚEUM a leathnú go mór i bpríomhbhonneagair margaidh airgeadais bunaithe ar mheascán de chritéir cháilíochtúla a bhaineann go sonrach le gach cineál eintitis, lena n-áirítear a méid, a ngníomhaíocht thrasteorann agus an tábhacht atá leo do gheilleagar an Aontais. Leathnófaí maoirseacht dhíreach chuig gach soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní freisin. Bheadh na heintitis seo a leanas i measc na n-eintiteas atá faoi réir mhaoirseacht dhíreach ÚEUM faoin togra ón gCoimisiún:

- **Gach soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní**;
- **Ionaid trádála** shuntasacha;[1]
- **Oibreoirí Margaidh Uile-Eorpacha**, córas deonach nua lena gceadaítear d'eintitis a oibríonn margaí áitiúla i níos mó ná Ballstát amháin páirt a ghlacadh i maoirseacht ÚEUM;
- **Taisclanna Lárnacha Urrús** suntasacha;
- **Contrapháirtithe Lárnacha** suntasacha.

12. Agus é ag tacú leis na hathruithe sin, áitítear sa togra go bhfuil gá leo chun deireadh a chur le bacainní maoirseachta lena ndéantar an margadh a ilroinnt, chun a áirithiú go gcuirfear rialacha uile-Aontais i bhfeidhm ar bhealach níos comhsheasmhaí, chun éifeachtúlacht mhaoirseachta a fheabhsú trí dhúbláil a laghdú ar fud na mBallstát, chun cur chuige maoirseachta iomlánaíoch a chur ar fáil maidir le gníomhaíochtaí thrasteorann agus chun na dálaí a chruthú d'fhíormhargadh aonair le haghaidh caipitil. Ina theannta sin, cuirtear i dtreis sa togra gur de chineál trasteorann iad soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní agus gur gníomhaíocht nua iad inar cheart saineolas maoirseachta a thógáil go lárnach chun ilroinnt a sheachaint ón gcéad lá.

---

[1] Cé nach mbaineann dualgais ÚEUM le faireachas margaidh agus formhaoirseacht eisitheora, is faoi na húdaráis náisiúnta i gcónaí iad.

13. Mar sin féin, ceistíodh an raon feidhme sin atá beartaithe ar roinnt foras:

- Maidir le **soláthraithe seirbhísí cripteashócmhainní**, cumhdaítear leis an togra gach soláthraí seirbhísí cripteashócmhainní, rud a chuireann ábhair imní in iúl maidir lena chomhréireacht. Tá an plé go dtí seo i bhfabhar cur chuige níos spriocdhírithe (i.e. soláthraithe suntasacha amháin), lena gceadófaí do sholáthraithe beaga, ar soláthraithe áitiúla amháin iad, a bheith faoi fhormhaoirseacht náisiúnta nó fanacht faoi mhaoirseacht náisiúnta;
- Maidir le **hionaid trádála** shuntasacha, baineann ábhair imní le coincheap agus calabrú 'suntasacht' chomh maith leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ar mhargaí agus ar struchtúir áitiúla. Ar an gcaoi chéanna, caitheadh amhras ar thabhairt isteach an chórais dheonaigh d'**Oibreoirí Margaidh uile-Eorpacha**, agus ar an bhfreagracht dhíreach mhaoirseachta a bheadh ar ÚEUM dá bharr, maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige ar mhargaí áitiúla;
- Maidir le **Taisclanna Lárnacha Urrús agus Contrapháirtithe Lárnacha**, cuireadh ábhair imní in iúl maidir leis an mbearna sa fhreagracht fhioscach agus réitigh. Go sonrach, cé go ndéantar maoirseacht ar leibhéal an Aontais a lárú leis an togra, d'fhanfadh an riosca airgeadais agus na costais réitigh a d'fhéadfadh a bheith ann i gcás géarchéime ar an leibhéal náisiúnta.

14. I bhfianaise an mhéid thuas, lorgaíonn an Uachtaránacht treoir ó na hairí maidir le raon feidhme indéanta a shainaithint do mhaoirseacht dhíreach ÚEUM, agus éagsúlacht na dtuairimí a chuireann na Ballstáit in iúl á cur san áireamh.

## V. RIALACHAS

15. Chun maoirseacht dhíreach a leathnú chuig na réimsí sin, tá gá, de réir an togra, le struchtúr nua rialachais do ÚEUM, go háirithe trí Bhord Feidhmiúcháin neamhspleách a thabhairt isteach.

16. Ar thaobh amháin, bheadh an Bord Feidhmiúcháin freagrach as cinntí maoirseachta aonair, rud a d'fhágfadh go mbeadh maoirseacht – dar leis an gCoimisiún – níos éifeachtúla, níos neamhchlaonta agus níos comhsheasmhaí ar fud an Aontais. Choinneodh an Bord Maoirseoirí, atá comhdhéanta d'údaráis inniúla náisiúnta, ról straitéiseach níos leithne agus dhéanfadh sé dréachtionstraimí rialála a fhormheas. Chun a áirithiú go bhfeidhmeoidh an Bord Feidhmiúcháin i gcomhréir le treoshuíomh straitéiseach an Bhoird Maoirseoirí, bheadh an Bord Maoirseoirí in ann agóid a dhéanamh i gcoinne phríomhchinntí an Bhoird Feidhmiúcháin, mar shampla cinntí a bhaineann le maoirseacht dhíreach, trí thromlach cáilithe treisithe.

17. Ar an taobh eile, thabharfaí cumhachtaí suntasacha don Bhord Feidhmiúcháin ar shraith uirlisí cóineasaithe agus idirghabhála, lena n-áirítear athbhreithnithe piaraí a dhéanamh, agus dul i mbun idirghabhála agus réiteach díospóidí. I gcásanna áirithe d'easnaimh mhaoirseachta i gcásanna trasteorann nó de neamhghníomhaíocht ar thaobh an údaráis inniúil náisiúnta baile, tugann an togra an cumas don Bhord Feidhmiúcháin treoracha díreacha a eisiúint d'údaráis inniúla náisiúnta agus d'eintitis phríobháideacha a ndéanann an t-údarás inniúil náisiúnta sin maoirseacht orthu. Sa chomhthéacs sin, cuireadh ábhair imní in iúl maidir le cothromaíocht institiúideach, cuntasacht agus ról iomchuí na n-údarás inniúil náisiúnta, go háirithe maidir leis an ngá atá le saineolas náisiúnta agus gaireacht mhaoirseachta a chaomhnú, agus áitíodh gur cheart baint níos dlúithe a bheith ag an mBord Maoirseoirí, sa bhreis ar an bhféidearthacht cur i gcoinne cinntí arna ndéanamh ag an mBord Feidhmiúcháin.

18. Is pointe plé atá chomh tábhachtach céanna é oibríochtú na maoirseachta dírí. Leis an bPacáiste um an gComhtháthú Margaidh agus Maoirseacht, tugtar lánrogha shuntasach don Bhord Feidhmiúcháin chun a chinneadh mar a idirghníomhóidh ÚEUM le húdaráis inniúla náisiúnta ina chuid oibríochtaí ó lá go lá. Mar atá sé faoi láthair, tugann an togra solúbthacht shuntasach don Bhord Feidhmiúcháin maidir le módúlachtaí agus comhdhéanamh na socruithe comhair le húdaráis inniúla náisiúnta a chinneadh (lena n-áirítear foirne comhpháirteacha, moil áitiúla nó formáidí *sui generis* eile a shocrú). Agus an méid sin á dhéanamh aige, cuireann an Pacáiste um an gComhtháthú Margaidh agus Maoirseacht ar chumas an Bhoird Feidhmiúcháin oiriúnú do riachtanais na hearnála faoi mhaoirseacht dhíreach, agus d'fhorbairt saineolais ar leibhéal ÚEUM. Mar sin féin, ceistíodh an easpa sainiúlachta sin atá ann faoi láthair. Go háirithe, thagair na Ballstáit don taithí a fuarthas ón Sásra Aonair Maoirseachta (SAM), agus béim á leagan acu ar a thábhachtaí atá creataí comhair atá sainithe go soiléir, chun cothromaíocht éifeachtach a áirithiú idir maoirseacht láraithe agus saineolas náisiúnta. Go háirithe, leagadh béim ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go mbeadh na húdaráis inniúla náisiúnta rannpháirteach ar bhealach atá láidir go leor, agus ar bhealach atá struchtúrach, i maoirseacht faoi stiúir ÚEUM, chomh maith leis an ngá atá ann aird chuí a thabhairt ar rún foriomlán na dtograí éifeachtúlacht na maoirseachta a mhéadú, costais a laghdú agus struchtúir dhúblacha a sheachaint.

## VI. TREOIR PHOLAITIÚIL

19. I bhfianaise an mhéid thuas, iarrann an Uachtaránacht ar na hairí machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna seo a leanas d'fhonn dul chun cinn tapa a dhéanamh maidir leis an bpacáiste:

***<u>Maidir le raon feidhme na maoirseachta dírí</u>***

*a. An aontaíonn na hairí leis an raon feidhme atá beartaithe do mhaoirseacht dhíreach arna déanamh ag ÚEUM nó an measann na hairí go mbeadh raon feidhme níos spriocdhírithe níos iomchuí? Más fearr cur chuige níos spriocdhírithe, sonraigh cé na hearnálacha, i measc na n-earnálacha a áirítear sa Phacáiste um an gComhtháthú Margaidh agus Maoirseacht, ar cheart do ÚEUM maoirseacht dhíreach a dhéanamh orthu.*

b. *Dá dtabharfaí isteach maoirseacht dhíreach ÚEUM ar phríomheintitis margaidh airgeadais in aon cheann de na hearnálacha atá beartaithe, conas ba cheart an coincheap 'suntasacht' a shainiú? Go háirithe, ar cheart é a bheith bunaithe go príomha ar chritéir chainníochtúla, ar nós gníomhaíocht trasteorann? Más ea, cad iad na critéir a mheasfadh na hairí a bheith riachtanach chun na heintitis is suntasaí a shainaithint?*

***<u>Maidir le rialachas</u>***

c. *Cad iad na hathchóirithe ar rialachas ÚEUM a mheasann na hairí a bheith riachtanach? Le míniú le do thoil.*

*An gcreideann na hairí go bhfuil an chothromaíocht cheart bainte amach ag an mBord Feidhmiúcháin atá beartaithe idir cinnteoireacht éifeachtúil agus rannpháirtíocht leordhóthanach an Bhoird Maoirseoirí sa chinnteoireacht mhaoirseachta? Mura gcreideann, cad iad na coigeartuithe a bheadh ag teastáil chun ról níos láidre a áirithiú don Bhord Maoirseoirí?*

d. *Conas ba cheart an caidreamh maoirseachta a bheidh ann amach anseo idir ÚEUM agus údaráis inniúla náisiúnta a eagrú, go háirithe i gcás eintitis atá faoi réir mhaoirseacht dhíreach ÚEUM? Cad iad na róil ba cheart a bheith ag ÚEUM agus ag na húdaráis inniúla náisiúnta faoi seach i ngníomhaíochtaí maoirseachta ó lá go lá? An aontaíonn na hairí gur ceisteanna tábhachtacha iad costais a íoslaghdú agus struchtúir dhúblacha a sheachaint?*

---